

# LEATHANACH 284

Dé Luain 5 Feabhra 2018

## Sexton an slánaitheoir!

Tá gach duine ag caint faoi. A leithéid de chic! A leithéid de mhisneach! An cic deireanach den chluiche idirnáisiúnta rugbaí i bPáras agus shábháil sé an lá do na hÉireannaigh.


Bhuaigh Johnny Sexton an cluiche leis an gcic agus bhronn sé ceithre pointe ar fhoireann na hÉireann sa tábla sraithe i gCraobh na Sé Náisiún.

Bhí drochaimsir ann i bPáras ach bhí an fhoireann agus a lucht leanúna an-dóchasach. Bhí an cluiche dian, áfach.

Chuaigh na hÉireannaigh chun tosaigh go luath agus d'fhan siad i gceannas go dtí ocht nóiméad ó dheireadh an chluiche. Ansin bhris Teddy Thomas croí mhuintir na hÉireann nuair a fuair sé úd iontach. Bhí na Francaigh chun tosaigh anois le pointe amháin!

Níor chaill na hÉireannaigh a misneach. Lean siad orthu ag ionsaí agus ag ionsaí. Choimeád siad smacht orthu féin. Chuaigh an cluiche isteach in am breise.

Ansin sa 83ú nóiméad, agus é i lár na páirce, rug Johnny Sexton ar an liathróid. Bhí seans amháin fágtha! Scaoil sé. D'fhéachamar. D'fhanamar ... agus ansin phléasc screadaíl áthais ó lucht leanúna na hÉireann. Bhí an cluiche thart. Bhuamar le dhá phointe.



## Ireland's Got Talent: clár nua teilifíse

Thosaigh *Ireland's Got Talent* ar an teilifís Dé Sathairn. Is seó tallainne é ina mbíonn deis ag daoine na buanna atá acu a thaispeáint do na moltóirí. Is iad Louis Walsh, Denise van Outen, Jason Byrne agus Michelle Visage na moltóirí agus cuireann Lucy Kennedy an clár i láthair.

Dé Sathairn bhí a lán daoine ag léiriú a mbuanna. Bhí Shaniah, cailín óg 13 bliain d'aois, ar an gclár agus bhí sí an-mhaith ag canadh. Bhí Evelyn an-mhaith ag canadh freisin; tá sí 81 bliain d'aois. Bhrúigh Michelle Visage an cnaipe órga agus anois beidh Evelyn sa bhabhta leathcheannais. Bhí áthas an domhain uirthi.



## Gigeanna Gaga ar ceal

Tá Lady Gaga ar camchuart le cúpla mí. Bhí sí ag canadh ar fud na hEorpa i mí Eanáir. Ach cúpla lá ó shin d'fhógair sí go bhfuil na ceolchoirmeacha deireanacha curtha ar ceal. Deir sí go bhfuil an-díomá uirthi faoi sin, ach deir sí nach bhfuil aon dul as aici.

Tá sí tinn. Tá pianta ar fud a coirp agus tá uirthi sos a ghlacadh. Chuir an nuacht sin an-díomá ar a lucht leanúna. Bhí deich gceolchoirm le déanamh aici. Bhí sí le bheith ar an ardán i Sasana, sa Fhrainc, san Eilvéis agus sna tíortha Lochlannacha.

Tá Lady Gaga 31 bliain d'aois. Stefani Joanne Angelina Germanotta an t-ainm eile atá uirthi.



Roinn Froebel don Bhun- agus Luath- Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad, OÉMN, i gcomhpháirt leis an Idirbhliain, Coláiste Alexandra, BÁC 6.

